



North South Ministerial Council
An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas

An Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT)

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007

Health

Aquaculture and Marine

Transport

Special EU Programmes

Food Safety

Language

Environment

Education

Tourism

Trade and Business Development

Inland Waterways

Agriculture

CLÁR ÁBHAR

Réamhrá leis na Comhrúnaithe		5
Caibidil 1	Achoimre ar na hEochairfhorbairtí	7
Caibidil 2	Lánchruinniú CATT	11
Caibidil 3	Cruinnithe Institiúideacha CATT	15
Caibidil 4	Cruinnithe Earnála CATT	19
4.1	Sábháilteacht Bhia	21
4.2	Dobharshaothrú is Cúrsaí Muirí	22
4.3	Cláir Speisialta Aontas na hEorpa	24
4.4	Teanga	26
4.5	Uiscebhealaí intíre	28
4.6	Trádáil is Forbairt Gnó	30
4.7	Turasóireacht	32
4.8	Oideachas	33
4.9	Talmhaíocht	35
4.10	Comhshaoil	37
4.11	Sláinte	39
4.12	Iompar	41
larscríbhinn 1	Comhrúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas	43
larscríbhinn 2	Comhaltaí Boird na gComhlachtaí Thuaidh Theas	45



RÉAMHRÁ LEIS NA COMHRÚNAITHE

Aquaculture and Marine Matters

RÉAMHRÁ

Cuireadh ar bun cruinnithe den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) sa bhliain 2007 leis na hábhair phraiticiúla chomhshochair a phlé i ndiaidh athbhunú Thionól Thuaisceart Éireann agus a Fheidhmeannas.

Tionóladh in Ard Mhacha i Mí Iúil 2007 an chéad lánchruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas ón bhliain 2002 i leith. Bhuail An Taoiseach, An Céad-Aire, An Leaschéad-Aire agus an chuid is mó d'Airí an Fheidhmeannais agus Rialtas na hÉireann le chéile, le hábhair tábhachtach leasa a i gcoitianta a phlé.

Cuirtear ar fáil sa tuarascáil bhliantúil mionchuntas ar chinntí an chruinnithe sin agus na dtrí chruinniú dhéag de chruinnithe CATT ina dhiaidh sin, cruinnithe inar phléigh na hAirí iomchuí cúrsaí gnó ar bhain lena réimse comhoibríthe. Díríodh aire sna cruinnithe Aireachta ar fhadhbanna ina raibh comhghníomh de dhíth, comhdhúshlán le sárú, agus monatóireacht is athbhreithniú a dhéanamh ar obair chomhghaoinithe na gComhlachtaí Thuaidh Theas

Cé go raibh cur i gcrích bainte amach i ngach aon cheann de na hábhair faoi chomhairle CATT, rinneadh achoimre ar roinnt de na buaicphointí ar leathanach 7 den tuarascáil seo. Leagtar síos sa liosta seo forbairtí a raibh sochar suntasach ar leith leo, ina measc comhinfheistíochtaí bonneagair, dlúthchomhoibríú le bagairtí mar shampla an galar crúibe is béil agus galar na teanga goirme a throid, le seirbhísí nua leighis a chur ar bun ar bhonn trasteorann agus le dul i ngleic le hiompar mídhleathach trasteorann dramhaíola. Is ardtosaíocht do na hAirí í an tsoghluaiстеacht thrasteorann agus mar sin cuireadh ar fáil suíomh gréasáin nua (www.borderpeople.info) mar shuíomh lárnach le heolas a chur ar fáil don té a bhogann trasna an teorainn le dul ag obair, nó le staidéar a dhéanamh nó le cur fúthu.

Chomh maith leis an tacaíocht curtha ar fáil d'obair na nAirí CATT, thacaigh an Comhrúnaíocht in Ard Mhacha obair an Ghrúpa Athbhreithnithe, grúpa a bhunaigh na hAirí ar bhonn an Chomhaontais Chill Rímhinn leis na Comhlachtaí Thuaidh Theas agus na Réimsí Comhoibríthe a athbhreithniú. D'oibrigh ár bhfoireann go dlúth leis na ceithre shaineolaí/chomhairleoir, ceaptha ag an Fheidhmeannas agus Rialtas na hÉireann i gcomhairle leis na Comhlachtaí agus a gcuid páirtithe éagsúla leasmhara, le tuarascáil a ullmhú don Ghrúpa Athbhreithnithe.



Chuaigh Rúnaíocht CATT i dteagmháil leis na grúpaí éagsúla agus na heagrais éagsúla atá bainteach leis an chomhoibríú Thuaidh Theas ina measc, na páirtíochtaí trasteorann, grúpaí an phobail, go háirithe iad ó na ceantair thrasteorann, na Ceardchumainn agus Comhchomhairle Gnó CBI/IBEC. Ba mhó an sásamh dúinn an deis a ghlacadh bualadh le réimse leathan de cheannaireacht áitiúil ghnó, pholaitíochta, agus phobail agus ag éisteacht leo ag imeachtaí in Iarthuaisceart Thuaisceart Éireann, in Inis Ceithleann, i mBaile Meánach agus in Ard Mhacha.

Tionóladh cruinnithe na nAirí CATT in áiteanna éagsúla, ina measc, ionaid an phobail, ionaid chultúrtha, Ranna Rialtais agus áiteanna turasóireachta. Gabhann ár mbuíochas le cách a d'oibrigh le Comhrúnaíocht CATT lenár gcuid cruinnithe a bheartú agus a eagrú.

Cuirtear Tuarascáil CATT na Bliana 2007 ar fáil i bhformaid nua, formaid a chuireann ar fáil réimse mhór eolais i mBéarla, i nGaeilge agus in Albainis-Uladh ar ár gcuid gníomhaíochtaí agus tá súil againn go bhfuil sé ar fáil i bhfoirm inrochtana agus neamhdhíobhálach don timpeallacht. Má bhíonn tuairim ag ár gcuid léitheoireachta ar an bhformaid nua nó má bhíonn moltaí agat le é a fheabhsú bá mhaith linn iad a chluinstin.

Mary Bunting
Comhrúnaí (Thuaidh)

Tom Hanney
Comhrúnaí (Theas)

CAIBIDIL 1

ACHOIMRE AR NA HEOCHAIRFHORBAIRTÍ

Aquaculture and Marine Matters

The background features a series of overlapping, semi-transparent blue circles of varying shades. Overlaid on these circles are several large, light blue arrows pointing in various directions, creating a sense of movement and flow. The overall aesthetic is clean and modern, typical of a professional report or document cover.

CAIBIDIL 1: Achoimre ar na heochairfhorbairtí

CÚLRA

1.1 Tuairiscítear sa tuarascáil seo ar obair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) le linn na tréimhse Mí Eanáir go Nollaig 2007.

1.2 Rinneadh cinntí ar dhúnghaoisí agus ghníomhartha maidir leis na Comhlachtaí Thuaidh Theas um Fhorfheidhmiú agus le Turasóireacht Éireann Tta. le húsáid mhodh oibre curtha ar fáil sa Mhalartú Nótaí idir Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann ar 19 Samhain 2002. Tá cur síos ar na cinntí seo ar fáil ar shuíomh gréasáin CATT – www.northsouthministerialcouncil.org.

1.3 Bhí 14 cruinniú CATT i ndiaidh athbhunú Thionól Thuaisceart Éireann sa bhliain 2007; ceann amháin mar lánchruinniú, dhá cheann mar chruinniú institiúideach, agus 11 mar chruinniú eanála. Rinne na hAíreáir cinntí tábhachtacha ag na cruinnithe seo maidir le hobair na gComhlachtaí Thuaidh Theas um Fhorfheidhmiú agus Turasóireacht Éireann Tta. agus Réimsí eile Comhoibríthe. Tuairiscítear sa tuarascáil seo ar an dul chun cinn a bhí déanta ar na hábhair sin ag na cruinnithe sin.

1.4 D'fhaomh an Chomhairle i mí na Nollag 2007 ceapachán na mBord nua do na Comhlachtaí Thuaidh Theas um Fhorfheidhmiú agus do Thurasóireacht Éireann Tta. agus gabhadh buíochas le hiarbhaill na mBord as an eochair-ról a raibh acu le hobair na gComhlachtaí a fhorbairt.

BUAICPHOINTÍ AR LEITH

1.5 Seo a leanas achoimre ar na heochairfhorbairtí bainte amach le linn na bliana.

IOMPAR

- D'aontaigh an Chomhairle le céimeanna ar leith, ina measc, struchtúr na bainistíochta agus ceapachán na gcomhairleoirí leis an obair tógála ar na tionscnaimh bhóthair A5 (An Bealach Iarthuaiscirt go hAchadh na Cloiche) agus A8 (Béal Feirste go Latharna).
- D'iarr siad ar na hoifigigh fosta roghanna a mheasúnú leis an nasc trasteorann traenach idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste a fhorbairt feasta, minicíocht na seirbhísí a mhéadú, rothstoc a fheabhsú agus baic ar luas na dtraenacha a shárú san áireamh.

Pléadh an comhoibriú leanúnach idir údaráis um Shábháilteacht ar bhóithre agus cuireadh fáilte roimh: phoiblíocht is fhógraíocht, thorthaí na taighde ábharáir ar

shábháilteacht ar bhóithre, agus chun dícháilíochtaí tiomána, pointí pionóis agus sábháilteacht ar bhóithre sna críocha teorann a aithint go frithpháirteach.

TURASÓIREACHT

- Cuireadh fáilte roimh spriocanna dúshlánacha Thurasóireacht Éireann. Mar shampla, méadú 6.6-7.5% sa bhliain ar ioncam turasóireachta, méadú 4.2-5.1% sa bhliain ar líon na dturasóirí agus méadú 14-17.2% ar líon na dturasóirí a bhfuil suim acu i gcúrsaí cultúrtha is gnó go cionn trí bliana. Má éiríonn leo go hiomlán, éireodh leis an tionscal turasóireachta €16/£10.8 billiún de theacht isteach thar lear a thabhairt isteach ar son oileán na hÉireann i gcionn trí bliana.

UISCEBHEALÁÍ INTÍRE

- Cheadaigh an Chomhairle na socruithe curtha chun cinn ag Uiscebhealáí Éireann, socruithe comhbhainistíochta agus clár margaíochta dírithe go cúramach san áireamh, leis an chuid de Chanáil Uladh idir Cluain Eois agus Loch Éirne Uachtair a athchóiriú.

TALMHAÍOCHT

- Chuir na hAíreáir fáilte roimh an chomhoibriú a bhí de dhíth le smacht a choinneáil ar an ghalair crúibe is béal, ghalair na teanga goirme agus fhliú éanúil a bhris amach sa Bhreatain. D'aontaigh siad gur chóir de na hoifigigh coinneáil i ndlúth-theagmháil le chéile ar eochairábhair Aontas na hEorpa a bhaineas leis an Chomhbheartas Talmhaíochta. Thug na hAíreáir faoi deara an chomhfhorbairt, ar bhonn uile-oileáin, ar an pháipéar straitéiseach ar Shláinte is Leas na n-Ainmhithe agus ar an dul chun cinn ar fhorbairt trasteorann tuaithe.

TEANGA

- Ceadáíodh aistriú fheidhmeanna Bhord na Leabhar Gaeilge go Foras na Gaeilge agus cuireadh fáilte roimh an obair a bhí déanta leis an fhoireann de 30 duine a bhí ag obair i bhForas na Gaeilge a dhílárú go Gaoth Dobhair.
- Chuir an Chomhairle fáilte roimh an dul chun cinn a bhí déanta sna Cláir Phobail de chuid an Bhoird Albainis-Uladh agus iarradh ar an Bhord tograí le ceangal agus malartú cultúrtha a chruthú le pobal na hUltaise in Albain agus i dTuaisceart Mheiriceá agus iad a chur faoi bhráid na Comhairle. Pléifead iad ag an chéad chruinniú eile.

CLÁIR SPEISIALTA AONTAS NA hEORPA

- Chomhaontaíodh do na Cláir PEACE III agus INTERREG IVA agus cuireadh fáilte roimh fhormhuiniú Choimisiún Aontas na hEorpa.

COMHSHAOIL

- Phléigh na hAirí an ghluaiseacht thrasteorann dramhaíola. D'admhaigh siad agus d'fhormhuinigh siad an Plean ('Road Map) ina bhfuil cur síos, céim ar chéim, ar an chur chuige a bheidh de dhíth leis an dramhaíl mhídhleathach a bhaint amach agus a fháil réidh leis chomh maith leis an tsraith ghníomhartha forfheidhmiúcháin a bhí cruthaithe le cosc a chur ar ghluaiseachtaí mídhleathacha feasta.

DOBHARSHAOTHRÚ IS CÚRSAÍ MUIRÍ

- Ullmhaíodh reachtaíocht le cumhacht a chur ar fáil do Ghníomhaireacht na Lochanna chun iascaigh Dhobharshaothrú is Shliogáin Fhiáine a rialú i Loch Feabhail agus Loch Cairlín araon. Aontaíodh le rialacha a rachaidh i bhfeidhm go dearfa ar stoc na mbradán thart fá abhainn na Finne agus iad a chaomhnú agus a chosaint. Aontaíodh le Straitéis Fhorbartha na Turasóireachta Muirí chomh maith.

OIDEACHAS

- D'iarr an Chomhairle ar na hoifigigh tograí a fhorbairt le dhrochchun cinn oideachasúil a réiteach agus cuireadh fáilte roimh an dul chun cinn ar leith a bhí bainteach le hIonad Uathachais den chéad scoth a bhunú ag Coillidh Chanannáin, Ard Mhacha. Pléadh tograí le Comh-chomhdháil Neamhord Speictrim Uathaigh a réachtáil sa bhliain 2008.

SLÁINTE

- Bhí dul chun cinn déanta le linn na bliana le heochairábhair maidir le cúrsaí pleanála in aghaidh móréigeandálaí, agus le plé le flúú paindéimeach agus le cúrsaí ardteicneolaíochta. D'athbhreithnigh an Chomhairle an comhoibriú ar sheirbhísí taisme is éigeandála, an dul chun cinn a bhí déanta ar threoirhionscadail ar sheirbhís thrasteorann iar-ama leighis. Cuireadh deiseanna ar fáil d'othair ailse ó Dhún na nGall le cóir leighis radaiteiripe a fháil ag Ospidéal na Cathrach Bhéal Feirste. Chuir an Chomhairle fáilte roimh an comhoibriú idir Ospidéal Ríoga Victoria, Bhéal Feirste agus Ospidéal Mhuire do Leanaí atá Tinn, Bhaile Átha Cliath ar Sheirbhísí Péidiatraiceacha is

Fadhbanna Croí ó Bhroinn. Pléadh agus cuireadh fáilte roimh an chur i gcrích rathúil at Thaighde ar Ailse faoi choimirce Éireann - Thuaisceart Éireann – Institiúid Náisiúnta ar Ailse de Fheadhnacht SAM. D'athbhreithnigh an dul chun cinn a bhí déanta maidir le comhoibriú ar shláinte intinne a chothú agus leis an phlean gníomhaíochta a fhorbairt ar bhonn uile-oileáin chun cosc a chur ar fhéinbhás. Aontaíodh leis an phlean. D'aontaigh an Chomhairle go mbeidh ról ar leith ag an idirlíon maidir le féinbhás agus d'aontaigh na hAirí lena chéile a bheith ag obair le chéile leis an fhadhb a réiteach.

AN BORD COTHAITHE SÁBHÁILTEACHT BHIA

- Chuir na hAirí fáilte roimh an réimse de ghníomhartha cothaithe a rinne safefood agus an tacaíocht a chur sé ar fáil don earnáil saotharlann bhia. D'admhaigh siad an togra ó Bhord Cothaithe Sábháilteacht Bhia ar Threoirsheirbhísí Eintreacha.

TRÁDÁIL IS FORBAIRT GNÓ

- Lean Idir-Thrádáil Éireann (ITE) ar aghaidh le bliain anuas le trádáil is forbairt gnó a chothú ar oileán na hÉireann agus díreoidh siad a gcuid iarrachtaí amach anseo ar ghnéithe ar leith a bhfuil buntáistí acu le dul i gcomórtas le tíortha eile – eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht, díolachán is margaíocht, forbairt ar ábaltacht fiontraíochta, agus mogalra gnó. Ní mór do ITE teacht ar chothromaíocht idir an fás ar éileamh clár mar shampla Innova, Fusion, Acumen agus Mogalra Cothramais agus deiseanna nua a bheidh ar fáil i ngnéithe eile de dhíolachán is dhianiaracht a mbeidh idir lámha acu, mar shampla, Dearadh agus an Timpeallacht.

1.6 Athbhreithniú ar Shocrú Chill Rímhinn

Rinneadh dul chun cinn ar athbhreithniú ar na Comhlachtaí Thuaidh Theas um Fhorfheidhmiú agus ar na Réimsí Comhoibríthe de réir shocrú Chill Rímhinn le linn na bliana. Cheap an Chomhairle Grúpa Athbhreithnithe leis an obair a dhéanamh agus cheap an Feidhmeannas Thuaisceart Éireann beirt agus Rialtas na hÉireann beirt don phainéal comhairleach. Foilsíodh sonraí an athbhreithnithe ar shuíomh idirlín CATT agus fuair 29 freagra faoi cheann na bliana. Cuirfear iad faoi bhráid an Ghrúpa Athbhreithnithe. Thairis sin, bhuaile an painéal comhairleach le gach cheann de na Comhlachtaí Thuaidh Theas um Fhorfheidhmiú, Turasóireacht Éireann Tta. a

CAIBIDIL 1: Achoimre ar na hEochairfhorbairtí

ranna coimircíochta agus páirtithe leasmhara na gComhlachtaí go leithleach.

1.7 Ábhair Shoghluaisteachta

Is cuid thábhachtach d'obair CATT go fóill iad le linn na bliana Ábhair Shoghluaisteachta. Sheol an Chomhairle Suíomh Idirlín ar Shoghluaisteacht Thrasteorann (www.borderpeople.info) i mí Dheireadh Fómhair 2007 le lárphointe inrochtana a chur ar fáil chun eolais ar réimse ábhar a fháil, eolas atá tábhachtach do dhaoine a bhfuil suim acu bogadh nó dul ag obair nó staidéar a dhéanamh sna críocha trasteorann. D'aontaigh an Chomhairle gur chóir do Chomhrúnaíocht CATT dhá mheitheal a chruthú – ceann amháin a bheidh bainteach le roghanna a phlé le cearta pinsin a aistriú ar bhonn trasteorann agus an ceann eile le hábhair thrasteorann bhaincéireachta, muirir idirbheart san áireamh.

1.8 Comhrúnaíocht CATT

Cuireann Comhrúnaíocht CATT, bunaithe in Ard Mhacha, tacaíocht ar fáil d'obair Airí na Comhairle (féach larscríbhinn 1). Fuair na hAirí tuarascáil ar dhul chun cinn ar sheilbh a ghlacadh ar bhuanchóiríocht na Comhrúnaíochta le linn na bliana agus d'aontaigh siad gur chóir do na hoifigigh na céimeanna iomchuí riaracháin a ghlacadh le cóiríocht nua ar léas a sholáthar don Chomhrúnaíocht in Ard Mhacha.

CAIBIDIL 2

LÁNCHRUINIÚ CATT

Aquaculture and Marine Matters

The background of the page is a light blue gradient with several large, overlapping, semi-transparent blue circles. Overlaid on these circles are several thick, light blue arrows of varying sizes and orientations, pointing in different directions, creating a sense of movement and flow.



An Céad-Aire an Dochtúir Ian Paisley TP CTR agus An Leaschéad-Aire an tUasal Martin McGuinness TP CTR, chomh maith leis an Taoiseach an tUasal Bertie Ahern TD i láthair ag an lánchruinniú CATT 17 Iúil.

2.1 Tionóladh an Chomhairle ag an lánchruinniú in Ard Mhacha 17 Iúil. Bhí An Céad-Aire an Dochtúir Ian Paisley TP CTR agus An Leaschéad-Aire an tUasal Martin McGuinness i gceannas ar thoscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus rinne siad comhchathaoirleacht ar an chruinniú. Bhí an Taoiseach an tUasal Bertie Ahern TD i gceannas ar thoscaireacht Rialtas na hÉireann.

2.2 D'aithin na hAirí ag an chruinniú cé chomh tábhachtach is a bhí an ócáid. Chuir siad fáilte roimh an deis sin dul i gcomhairle lena chéile, le comhoibriú ar ábhair chomhshochair a chothú agus le cinntí a dhéanamh ar réimse ábhar ar chlár oibre na Comhairle. Seo iad a leanas:

Comhoibriú trasteorann ar bhóithre – D'admhaigh an Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag Rialtas na hÉireann deonachán de £400m/€580m a chur ar fáil le cláir mhóra na mbóithre a chur i gcrích, mar shampla débhealach a dhéanamh as na bóithre bainteach leis an Bhealach Iarthuaisceart agus in oirthuaisceart na tíre ó Latharna go Béal Feirste. Dheimhnigh An Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, i bprionsabal, go bhfuil sé ar intinn

aíge na cláir mhóra seo a chur i gcrích. D'aontaigh siad go mbeidh tús áite ag an Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus a gcuid gníomhaireachtaí sa togra ó Bhéal Feirste go Latharna agus go leanfar ar aghaidh leis an tionscadal Bhealach Iarthuaisceart faoi réir maoinithe, cúrsaí pleanála, bainistíochta, freagrachtaí agus socruithe le bheith cinnte go gcuirfear é i gcrích aontaithe le Rialtas na hÉireann agus le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann. D'aontaigh na hAirí iomchuí leis na céimeanna ar leith a bheas de dhíth le cur leis an tionscadal, tús luath ar an staidéar ar an bhealach cuí san áireamh. Thig leat teacht ar níos mó sonraí ar chomhoibriú trasteorann ar bhóithre i rannóg 4.12 na tuarascála seo.

Athchóiriú ar an chuid de Chanáil Uladh ó Chluain Eois go Loch Éirne Uachtar – Ceadaiigh an Chomhairle tús a chur leis an togra ar athchóiriú a dhéanamh ar an chuid sin den chanáil Uladh ó tharla gur thairg Rialtas na hÉireann costas caipitiúil an tionscnaimh ina iomláine. Aontaíodh fosta go mbeadh Uiscebhealaí Éireann freagrach as athchóiriú ar an chuid sin den Chanáil agus, i ndiaidh an athchóirithe, a bheith freagrach as an

chothabháil agus an fhorbairt a bhainistiú de réir na n-aidhmeanna aeraíochta. D'aontaigh na hAirí a bhuaileann le chéile san Eanáil Uiscebhealaí Intíre leis na pleananna leis an athchóiriú a chur i gcrích agus go mbeidh tuarascáil ar an dul chun cinn ag lánchruinnithe CATT. Tá tagairt d'athchóiriú Chanáil Uladh i rannóg 4.5 den tuarascáil seo.

Obair Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas – Fuair an Chomhairle tuarascáil ó na Comhrúnaithe ar obair CATT ón bhliain 2002 i leith. D'admhaigh siad gur lean na Comhlachtaí Thuaidh Theas um Fhorfheidhmiú agus Turasóireacht Éireann ar aghaidh agus ghabh siad a mbuíochas leis na Boird agus lena bhfoirne as a gcuid iarrachtaí. D'admhaigh an Chomhairle an comhoibriú comshochair idir Airí agus na Ranna sna Ábhair Chomhoibrithe.

Athbheithniú Shocrú Chill Rímhinn – D'aontaigh an Chomhairle gur chóir tús a chur leis an athbheithniú ar na Comhlachtaí Thuaidh Theas um Fhorfheidhmiú agus ar na hÁbhair chomhoibrithe, de réir na bhforálacha Shocrú Chill Rímhinn. San áireamh sna téarmaí tagartha den Ghrúpa Athbheithnithe, beidh scrúdú le déanamh ar cé chomh héifeachtach is a bhí na Comhlachtaí reatha um Fhorfheidhmiú agus ar baineadh luach ar airgead amach ina gcuid oibre agus ar chóir Comhlachtaí Breise a bhunú agus Ábhair eile Chomhoibrithe a chruthú le comshochair a bhaint amach. Déanann an Grúpa Athbheithnithe iarracht cur leis an obair atá ar siúl acu le teacht ar chomhlacht fóirsteanach ionaid do Choimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Soilse na hÉireann atá curtha chun tosaigh agus cuirfidh sé na mholtaí ar fáil do CATT sa bhliain 2008. Tá na grúpaí a leanas páirteach sa Ghrúpa Athbheithnithe; oifigigh sinsearacha agus painéal comhairliúcháin de bheirt ceaptha ag Rialtas na hÉireann agus de bheirt ceaptha ag an Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Is iad na saineolaithe/comhairleoirí a leanas na oifigigh sinsearacha; an tUasal Peter King is an tUasal Seán Oliver ceaptha ag Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus an tUasal Eoin O'Shea is an tUasal John Hynes ceaptha ag Rialtas na hÉireann.

Foilsíodh Sonraí an Athbheithnithe ar shuíomh idirlín CATT, cuirfear fáilte roimh barúlacha scríofa ó dhaoine nó ó eagrais a bhfuil suim acu ann. Fuaireas 29 freagra roimh dheireadh mhí na Nollag 2007 le cur faoi bhráid an Ghrúpa Athbheithnithe.

Thairis sin, bhuail an painéal comhairliúcháin le gach ceann de na Comhlachtaí Thuaidh Theas um Fhorfheidhmiú, le Turasóireacht Éireann Tta., leis na

Ranna Coimircíochta agus páirtithe leasmhara na gComhlachtaí go leithleach le linn na bliana 2007. Ina iomláine chuir na comhairleoirí 23 cruinniú ar fáil sa bhliain 2007, cruinnithe a bhí dírithe ar luach ar airgead agus éifeachtacht na gComhlachtaí reatha. Chuir an Grúpa Athbheithnithe tús le reamhthuarascáil ar na cruinnithe seo chomh maith is gnéithe eile an athbheithnithe faoi dheireadh na bliana 2007.

Fóram Neamhspleách Comhairliúcháin Thuaidh Theas – d'admhaigh an Chomhairle go rachadh Rialtas na hÉireann i gcomhairle leis na páirtneirí sóisialta ar an Fóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas. Admhaíodh fosta an t-athbheithniú ar na socruithe le dul i gcomhairle le pobal Thuaisceart Éireann agus aontaíodh leis an ábhar seo a scrúdú nuair a bheas an athbheithniú curtha i gcrích.

Fóram Parlaiminte Thuaidh Theas – D'admhaigh an Chomhairle forálacha Shocrú Chill Rímhinn maidir leis an Fóram Parlaiminte Thuaidh Theas. D'aithin sé go mbeidh forbairt ar bith ar an ábhar seo idir lámha an Tionóil Thuaisceart Éireann agus an Oireachtais. Aontaíodh go rachaidh oifigigh an dá riarachán i dteagmháil le Tionól Thuaisceart Éireann agus le Tithe an Oireachtais agus go ndéanfar tuairisc ar na hioncáis a bheidh ar fáil ar fhorbairt d'fhóram mar sin do CATT chomh luath is féidir.

Pleanáil do chruinnithe CATT amach anseo – Phléigh an Chomhairle amchlár de chruinnithe CATT.



CAIBIDIL 3

CRUINNITHE INSTITIÚIDEACHA CATT

Aquaculture and Marine Matters

The background of the page is a light blue gradient. It features several overlapping circles of varying shades of blue. Overlaid on these circles are several large, stylized arrows in various shades of blue, pointing in different directions, creating a sense of movement and progress.

CAIBIDIL 3: Cruinnithe Institiúideacha CATT



Sheol an Leaschéad-Aire an tUasal Martin Mc Guinness TP CTR, An Céad-Aire an Dochtúir Ian Paisley, TP CTR agus an tUasal Dermot Ahern TD, Aire Ghnóthaí Eachtracha an suíomh idirlín ar Shoghluaisteacht Thrasteorann www.borderpeople.info ag cruinniú Institiúideach CATT 30 Deireadh Fómhair.

3.1 Tionóladh an Chomhairle i bhformaid institiúideach faoi dhó sa bhliain 2007 – i nDún Dealgáin 30 Deireadh Fómhair agus i mBéal Feirste 17 Nollaig. Tháinig na hAíre ar roinnt cinní ar ábhair institiúideacha agus trasearnála. San áireamh, bhí:

BAIC AR SHOGLHUAISTEACHT THRASTEORANN

- D'admhaigh an Chomhairle an dul chun cinn ar fhorfheidhmiú na moltaí atá le fáil sa Staidéar ar Bhaic ar Shoghluaisteacht a bhí údaraithe ag CATT, mar shampla an dul chun cinn ar aitheantas comhshochair cáilíochtaí, an earnáil shláinte is oideachais san áireamh; tabhairt isteach na dtaraifí aonair in úsáid ag roinnt de na comhlachtaí ghuthán póca; eolas forleathan ar sheirbhísí poiblí a chur ar fáil do dhaoine ar mhian leo bogadh trasna an teorainn le staidéar a dhéanamh, le cur fúthu nó lena mbeatha a thabhairt i dtír.
- Sheol na hAíre suíomh idirlín Shoghluaisteacht Thrasteorann (www.borderpeople.info) le lárphointe inrochtana a chur ar fáil ar eolas ar réimse ábhar do dhaoine ar mhian leo bogadh trasna an teorainn le staidéar a dhéanamh, le cur fúthu nó lena mbeatha a thabhairt i dtír.

- D'aontaigh an Chomhairle gur chóir do Chomhrúnaíocht CATT dhá mheitheal a chruthú le tuairisc a chur ar fáil ag cruinniú dá chuid CATT amach anseo – ceann amháin ina bhfuil cuir síos ar na roghanna atá ar fáil le cearta pinsín a aistriú ar bhonn trasteorann agus an ceann eile le hábhair trasteorann bhaincéireachta a scrúdú, muirir san áireamh.

NUACHÓIRÍOCHT DO CHOMHRÚNAÍOCHT CATT

- D'admhaigh an Chomhairle an dul chun cinn a bhí déanta ar sheilbh a ghlacadh ar bhuanchóiríocht do Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha agus d'aontaigh siad gur chóir do na hoifigigh, agus an scrúdú curtha i gcrích ar ghearrliosta na dtairiscintí faoi réir na bpróiseas iomchuí inmheánach in úsáid i ngach riarachán, gur chóir idirbheartaíocht chonarthach a dhéanamh leis an táirgeoir roghnaithe le cóiríocht ar léas a sholáthar agus le dul chun cinn a thuairisciú ag cruinniú CATT amach anseo.

ÁBHAI R DHAONACMHAINNÍ SNA COMHLACHTAÍ THUAI DH THEAS UM FHORFHEIDHMIÚ AGUS I DTURASÓIREACHT ÉIREANN TTA.

- Phléigh an Chomhairle ábhair mar shampla athmheasúnú ar phoist agus ábhair phá, ábhair a ardaíodh i bpáipéar ullmhaithe ag Príomhfheidhmeannaigh na gComhlachtaí. Aontaíodh go gcomhairleoidh oifigigh ón Roinn Airgeadais agus Roinn Airgeadais is Pearsanra a gcuid Airí ar na ábhair agus scrúdófar an Páipéar ar Phá ullmhaithe ag na Príomhfheidhmeannaigh chomh maith leis an eolas breise curtha ar fáil ag na Comhlachtaí, i gcomhthéacs na bpolasaithe iomchuí náisiúnta pá. Tuairisceofar na torthaí ag cruinniú CATT amach anseo.

BOIRD NA GCOMHLACHTAÍ THUAI DH THEAS UM FHORFHEIDHMIÚ AGUS THURASÓIREACHT ÉIREANN TTA.

- D'fhaomh an Chomhairle ceapachán chomhaltaí na mBord Bainistíochta don Chomhlacht Trádála is Forbartha Gnó (Idir-Thrádáil Éireann), don Chomhlacht Teanga Thuaidh Theas (Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise), do Choimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Soilse na hÉireann, do Thurasóireacht Éireann Tta., agus do Bhord Comhairliúcháin Bhord Cothaithe Sábháilteacht Bhia, Cathaoirleacha is Leaschathaoirleacha san áireamh. Ghabh sé buíochas le hiarbhaill na mBord agus d'aithin sé an eochair-ról a d'imir siad leis na Comhlachtaí Thuaidh Theas agus Turasóireacht Éireann Tta. a fhorbairt. Rinne an Chomhairle comhghairdeas le comhaltaí nua na mBord ar a gceapachán agus bheannaigh sé uaidh a gcuid oibre. Gheofar sonraí de chomhaltaí na mBord in Iarscríbhinn 2 na tuarascála seo.

FREASTAL AIREACHTA

- Ba iad na daoine a leanas ionadaithe Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ag an chruinniú i mí Dheireadh Fómhair; An Cead-Aire an Dochtúir Ian Paisley TP CTR agus An Leaschéad-Aire an tUasal Martin Mc Guinness TP CTR, an tAire Sóisearach an tUasal Ian Paisley CTR agus an tAire Oideachais, Cairtriona Ruane CTR. Ba iad na daoine a leanas ionadaithe Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ag an chruinniú i mí na Nollag; An Leaschéad-Aire an tUasal Martin Mc Guinness TP CTR, an tAire Sóisearach an tUasal Ian Paisley CTR agus an tAire Sóisearach Gerry Kelly CTR. Bhí an tUasal Dermot Ahern TD, Aire Ghnóthaí is Eachtracha, ann ag gach cruinniú mar ionadaí Rialtas Éireann.



CAIBIDIL 4

CRUINNITHE EARNÁLA CATT

Aquaculture and Marine Matters

The background of the page is a light blue gradient with several large, overlapping, semi-transparent blue circles. Overlaid on these circles are several thick, light blue arrows pointing in various directions, primarily towards the upper right and lower right, creating a sense of movement and progress.

Réamhrá

Déantar sa chaibidil seo achoimre ar chruinnithe CATT ó mí Mheán Fómhair go Nollaig 2007, i bhformaid earnála. Tá na Comhráitis ó na cruinnithe seo ar fáil ag www.northsouthministerialcouncil.org.

Rinneadh cinntí ar dhúnghaoisí agus ghníomhartha maidir leis na Comhlachtaí Thuaidh Theas um Fhorfheidhmiú agus le Turasóireacht Éireann Tta. le húsáid na modhanna oibre curtha ar fáil i Malartú na Nótaí idir Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann 19 Samhain 2002, sa tréimhse idir Eanáir 2007 agus athbhunú na n-institiúidí polaitiúla i dTuaisceart Éireann i mí na Bealtaine. Is féidir teacht ar na cinntí seo ar www.northsouthministerialcouncil.org.

Is féidir teacht ar an fhaisnéis chúlra ar gach ceann de na Comhlachtaí Thuaidh Theas ar shuite idirlín na gComhlachtaí.

Sábháilteacht Bhia



Ar chlé – an tUasal Bertie Kerr Iarchathaoirleach Bhord Cothaithe Sábháilteacht Bhia.

Ar dheis – an tUasal John Dardis Cathaoirleach reatha agus Príomhfheidhmeannach an tUasal Martin Higgins.

BORD COTHAITHE SÁBHÁILTEACHT BHIA

CÚLRA

4.1.1 Is iad príomhchuspóirí Bhord Cothaithe Sábháilteacht Bhia (BCSB) sábháilteacht bhia a chothú, agus comhoibriú eolaíochta idir forais atá ag saothrú sa réimse sin a thacaíocht. Tá Bord Comhairliúcháin de 12 ball aige, ceaptha ag CATT. Le héifeacht ó 13 Nollaig 2007, rinneadh Cathaoirleach ar an Uasal John Dardis agus Leasathaoirleach ar an Uasal Campbell Tweedie ar an Bhord. Tháinig siad i gcomharbas ar an Uasal Bertie Kerr agus ar an Ollamh Charlie Daly, faoi seach. Tá liosta de bhaill reatha na mBord ar fáil in Iarscríbhinn 2. Is é an tUasal Martin Higgins Príomhfheidhmeannach BCSB.

CRUINNÍÚ CATT

4.1.2 Tionóladh CATT i mBaile Átha Cliath 28 Samhain. Bhí an Bhean Uasal Mary Harney TD, Aire Sláinte is Leanaí, ann mar ionadaí Rialtas na hÉireann. Ba iad an tUasal Michael Mc Gimpsey CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí, agus an Bhean Uasal Michelle Gildernew TP CTR, Aire Talmhaíochta is Forbartha Tuaithe, ionadaithe Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann.

4.1.3 Ag an chruinniú, maidir le Sábháilteacht Bhia:

- Fuair agus phléigh na hAírí tuarascáil ar an dul chun cinn ar gníomhartha safefood ó 2002 go

2007. Chuir an Príomhfheidhmeannach an tUasal Martin Higgins agus Cathaoirleach BCSB an tUasal Bertie Kerr an tuarascáil i láthair. Ghabh na hAírí a mbuíochas leis an Uasal Kerr as an obair a bhí déanta lena linn mar Chathaoirleach;

- D’admhaigh na hAírí na pleananna nua maidir le safefood don tréimhse 2008 go 2010. Seo iad a leanas na rudaí san áireamh:-
 - i. cur i gcrích cúig fheachtas mhóra faisnéise tomhaltóirí;
 - ii. cur chuige comhordaithe ar shábháilteacht bhia agus ar bhia sláintiúil; agus
 - iii. fóram comhoibríoch le dul i ngléic le murtall;
- D’fhaomh na hAírí Plean Corparáideach safefood don tréimhse 2008 go 2010 agus an Plean Gnó 2008 faoi réir chomhaontú na Roinne Airgeadais agus chúrsaí buiséid leis an Fheidhmeannas agus le Rialtas na hÉireann;
- D’admhaigh na hAírí Tuarascáil Bhliantúil is Cuntais an Chomhlachta don bhliain 2006; agus
- D’admhaigh na hAírí an páipéar safefood ar thogra maidir le Treoirsheirbhísí fóirsteanacha inrochtana Eintreacha a sholáthar ar oileán na hÉireann agus i ndiaidh a phléite ag éascaitheoir eachtrach agus saíneolaí teicneolaíochta agus leis na Ranna coimircíochta, cuirfear faoi bráid CATT ag cruinniú feasta.

Dobharshaothrú is Cúrsaí Muirí



Ar chlé – Iarchathaoirleach Choimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Soilse na hÉireann, an tUasal Peter Savage.
Ar dheis – an tUasal Derick Anderson, Príomhfheidhmeannach agus an Chathaoirleach reatha, an tUasal Tarlach Ó Crosáin

COIMISIÚN AN FHEABHAIL, CHAIRLINN AGUS SOILSE NA HÉIREANN

CÚLRA

4.2.1 Buailteann CATT le chéile ar Dhobharshaothrú agus chúrsaí Muirí le cinní a dhéanamh ar dhúnghaoisí agus ar ghníomhartha le cur i bhfeidhm ag Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Soilse na hÉireann (CFCSE). Tá Bord de 12 ball ag an CFCSE, baill a cheapann CATT chun feidhmeanna an Chomhlachta a úsáid maidir le cúrsaí bainteach leis an Fheabhail agus Chairlinn de bhíthin Ghníomhaireacht na Lochanna. Le héifeacht ó 13 Nollaig 2007 rinneadh Cathaoirleach ar an Uasal Tarlach Ó Crosáin agus Leasathaoirleach ar an Bhean Uasal Jacqui McConville ar an Bhord. Ba Chathaoirleach é an tUasal Peter Savage roimhe sin. Tá liosta de Bhaill reatha na mBord in Iarscríbhinn 2. Is é an tUasal Derick Anderson Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na Lochanna.

CRUINNÍÚ CATT

4.2.2 Tionóladh CATT i gCeannáras Ghníomhaireacht na Lochanna i Prehen 21 Samhain. Ba iad an Bhean Uasal Michelle Gildernew TP CTR, Aire Talmhaíochta is Forbartha Tuaithe, agus an tUasal Ian Paisley CTR, Aire Sóisearach, ionadaithe Fheidhmeannas Thuaisceart

Éireann. Ba é an tUasal Éamon Ryan TD, An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, ionadaí Rialtas na hÉireann.

4.2.3 Ag an chruinniú:

- D’admhaigh na hAirí an dul chun cinn a bhí déanta ón chruinniú deireanach Aibreáin 2002 agus cuireadh fáilte roimh an deis le teacht le chéile le comhoibriú ar dhobharshaothrú agus an earnáil mhuirí a phlé. Chuir na hAirí fáilte roimh an reachtaíocht i ngach dlínse sa bhliain 2007, reachtaíocht a chuireann an cumhacht cuí ar leith ar fáil do Ghníomhaireacht na Lochanna le dobarshaothrú agus iascaigh shliogáin a rialú i ceantair an Fheabhail is Chairlinn. Chuir siad fáilte fosta roimh an phacáiste cruatain atá curtha ar fáil le roinnt faoisimh a thabhairt do chách a gcuireann scoir le sruthlíontóireacht nó líon tarraingthe isteach orthu i gceantar an Fheabhail;
- D’admhaigh na hAirí pleananna todhchaí sa earnáil Dhobharshaothrú is Cúrsaí Muirí don tréimhse 2008-2010 ina measc:
 - na gníomhartha le hinbhuanaitheacht na n-iascach a chothabháil i ndobharcheantar an Fheabhail is Chairlinn;

- an córas nua ceadúnúcháin is rialúcháin um dhobharshaothrú is chúrsaí muirí i limistéir an Fheabhail is Chairlinn;
- an biseach ar an chóras ceadúnúcháin slatiascaireachta; agus
- Straitéis Fhorbartha nua na Turasóireachta Muirí
- D'fhaomh na hAirí Plean Corparáideach Gníomhaireacht na Lochanna don tréimhse 2002 go 2010; agus an Plean Gnó don bhliain 2008 faoi réir chúrsaí buiséid an Fheidhmeannais is Rialtas na Éireann. D'admhaigh go bhfuil Athbhreithniú Chill Rímhinn faoi lántseol faoi láthair agus go bpléifear pleananna nua na Gníomhaireachta ar thoradh na athbhreithnithe seo;
- D'fhaomh na hAirí Straitéis Fhorbartha na Turasóireachta Muirí atá curtha i bhfeidhm ag Gníomhaireacht na Lochanna don tréimhse 2008 go 2013, faoi réir sholáthair maoinithe faoi choimirce chlár Aontas na hEorpa ar chomhoibriú trasteorann. Cuirfear an Straitéis i bhfeidhm le húsáid chomhpháirtíochtaí le húdarais Stáit agus comhlachtaí príobháideacha, le tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh, le bonneagar rochtana a fhorbairt, don phróiseas forbartha tionscadail, d'oiliúint scileanna, do mhargaíocht agus gníomhartha cumarsáide;
- D'fhaomh na hAirí Dúinghaois Gníomhaireacht na Lochanna ar Chúnamh Airgeadais leis na modhanna atá in úsáid leis an deontas curtha ar fáil mar thacaíocht d'fhorbairt slatiascaireachta, do na hiascaigh a chosaint is a chaomhnú agus do thurasóireacht mhuirí agus do bhharshaothrú, a mhaoirsiú;
- D'admhaigh na hAirí Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Gníomhaireacht na Lochanna don bhliain 2006;
- D'fhaomh na hAirí togra Gníomhaireacht na Lochanna le bád monatóireachta a cheannach faoi réir maoinithe faoi choimirce Ionstraim Airgeadais Aontas na hEorpa um Threoir Iascach (IATI); agus
- D'fhaomh na hAirí Rialacháin 2007 (Leasú 2) do limistéir an Fheabhail is Chairlinn (Slatiascaireacht), rud a chuirfidh go mór le stoc na mbradán a chaomhnú is a chosaint i ndobharcheantar na Finne agus d'admhaigh na hAirí na Rialacháin faoi fhorbairt slatiascaireacht na mbradán is garbhiascaireachta le rialú agus le haghaidh fhorbairt is cheadúnú an do bhharshaothraithe.

Cláir Speisialta Aontas na hEorpa



Ar chlé – An Bhean Uasal Margaret Ritchie CTR, Aire Forbartha Sóisialta, an tUasal Brian Cowen TD, Tánaiste agus Aire Airgeadais, agus an tUasal Peter Robinson, TP CTR Aire Airgeadais agus Pearsanra, grianghraif glactha ag cruinniú ar Chláir Speisialta Aontas na hEorpa.

Ar dheis – Príomhfheidhmeannach Chomhlacht um Chláir Speisialta Aontas na hEorpa an tUasal Pat Colgan.

COMHLAcht UM CHLÁIR SPEISIALTA AONTAS NA HEORPA (CCSAE)

CÚLRA

4.3.1 Is í aidhm CCSAE forbairt comhoibríthe, tuiscéana agus gnímh idir muintir is eagrais ar fud na hÉireann le húsáid chomhairliúcháin agus le cur i bhfeidhm cláir Aontas na hEorpa ar chúrsaí sóisialta, geilleagair, athmhuintearais agus cultúrtha. Is é an tUasal Pat Colgan Príomhfheidhmeannach CCSAE.

4.3.2 Is é CCSAE Údarás Bainistíochta le haghaidh Chlár Aontas na hEorpa um Shiocáin is Athmhuintearas (PEACE II) agus an Clár INTERREG IIIA. Is é an t-Údarás Íocaíochta é fosta don Chlár INTERREG IIIA. Tá sé freagrach as monatóireacht agus cothú an Chaibidle Choitianta, an fhrámaíocht straitéiseach le haghaidh comhoibríthe trasteorann ar réimse leathan earnálacha aontaithe leis an dá Rialtas. Tá an Comhlacht freagrach fosta as míreanna Thuaidh Theas na dTionscnaimh Phobail URBAN II, LEADER + agus EQUAL i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Tá sonraí breise ar fáil ar www.seupb.org.

CRUINIÚ CATT

4.3.3 Tionóladh cruinniú CATT i mBaile Átha Cliath 7 Samhain. Ba é an tUasal Brian Cowen TD, Tánaiste agus Aire Airgeadais, ionadaí Rialtas na hÉireann. Ba iad an tUasal Peter Robinson TP CTR, Aire Airgeadais is Pearsanra, agus an Bhean Uasal Margaret Ritchie CTR, Aire Forbartha Sóisialta, ionadaithe Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann.

4.3.4 Ag an cruinniú:

- Fuair na hAíreí tuarascáil ó Phríomhfheidhmeannach CCSAE ar fhorbairtí ón am deireanach ar bhuail an Chomhairle le chéile san earnáil seo 9 Deireadh Fómhair 2002, agus go raibh críoch rathúil ar an Chlár PEACE I agus go raibh spriocanna bliantúla caiteachais na gClár PEACE II agus INTERREG IIIA bainte amach go sásúil san áireamh;
- Chuir na hAíreí fáilte roimh an ghlacadh chucu féin ag an Choimisiúin Eorpach don chlár Peace III agus don Chlár Thuaisceart Éireann/Éireann/ Albain um Chomhoibríú Trasteorann (INTERREG IVA). Le comhhaoiniú ó Rialtas na hÉireann agus ón Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann beidh €589m ina iomláine curtha ar fáil tríd na Cláir seo don infheistíocht a bheas de dhíth le sochaí sheasmhach shíochánta a thógáil i dTuaisceart

Éireann agus leis na críocha trasteorann a dhéanamh níos rathúla;

- Chuir na hAirí fáilte roimh an Chlár nua PEACE dírithe ar (i) Athmhuintearas na bPobal agus (ii) le cur go mór le Sochaí Chomhpháirteach. D'admhaigh na hAirí go bhfuil leithdháileadh €225m ag an Chlár PEACE III ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus go maoineoidh é faoi choimirce Sprioc Chríche Chomhoibrithe Aontas na hEorpa. Beidh an méid maoinithe céanna ar fáil ó Rialtas na hÉireann agus ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Ina iomláine is fiú €333m an Clár PEACE III;
- Chuir na hAirí fáilte roimh an Chlár nua trasteorann INTERREG IVA, clár atá dírithe ar (i) Chomhoibriú le rath a chur ar na críocha trasteorann (ii) Chomhoibriú le ceantair thrasteorann inbhuanaithe a chruthú. Chuir na hAirí fáilte roimh an phlean go mbeidh Iarthar na hAlban rannpháirteach i gClár trasteorann Thuaisceart Éireann/Phoblacht na hÉireann agus tá siad ag súil go mór le bheith ag obair leis na comhghleacaithe Albanacha ar an Chlár seo. Beidh buiséad €256m ina iomláine ar fáil don Chlár nua inchurtha le buiséad €183m don Chlár INTERREG IIIA, ciste meaitseála ó Rialtas na hÉireann agus an Feidhmeannas Thuaisceart Éireann san áireamh;
- D'admhaigh na hAirí gur chuir Rialtas na Breataine €139m ar fáil don Chlár trasteorann Thuaisceart Éireann/ Poblacht na hÉireann/Albain óna chuid airgid ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus gur chuir Rialtas na hÉireann €53 million ar fáil; agus
- D'fhaomh na hAirí Plean Corparáideach CCSAE don tréimhse 2008 go 2010 agus an Plean Gnó don bhliain 2008 faoi réir cheisteanna buiséadacha Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann.

Teanga



Ar bharrchlé deiseal – An tIarchathaoirleach Fhoras na Gaeilge an Bhean Uasal Maighréad Uí Mháirtín, Cathaoirleach reatha an tUasal Liam Ó Maoilmhichíl, Cathaoirleach Ghníomhaireacht na hUltaise an tUasal Mark Thompson, Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na hUltaise an tUasal George Patton agus Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge Ferdie Mac an Fhailigh.

AN COMHLACHT TEANGA THUAIDH THEAS (AN FORAS TEANGA/BORD ALBAINIS-ULADH)

CÚLRA

4.4.1 Tá dhá chuid den Chomhlacht Teanga - Foras na Gaeilge, agus Gníomhaireacht na hUltaise. Is iad Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge agus Cathaoirleach an Bhoird Albainis-Uladh comhchathaoirleacha an Chomhlachta Teanga. Le héifeacht ó 13 Nollaig 2007 rinneadh an tUasal Liam Ó Maoilmhichíl Cathaoirleach ar Fhoras na Gaeilge, i gcomharbas ar an Bhean Uasal Maighréad Uí Mháirtín. Tá liosta de na 15 ball eile ar an Bhord ar fáil in Iarscríbhinn 2. Is é an tUasal Ferdie Mac an Fhailigh an Príomhfheidhmeannach agus is é an tUasal Mark Thompson Cathaoirleach Ghníomhaireacht

na hUltaise. Tá seachtar ball eile ar Bhord na Gníomhaireachta. Tá liosta ar fáil in Iarscríbhinn 2. Is é an tUasal George Patton an Príomhfheidhmeannach.

CRUINNÍÚ CATT

4.4.2 Tionóladh CATT in Iúr Cinn Trá 26 Deireadh Fómhair. Ba iad an tUasal Edwin Poots CTR, Aire Cultúir, Ealaíon is Fóillíochta agus an Bhean Uasal Cairtriona Ruane CTR, Aire Oideachais ionadaithe Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Ba é an tUasal Eamon Ó Cuív TD, Aire Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

4.4.3 Ag an Chruinniú:

- Fuair agus phléigh na hAirí tuarascáil ar ghníomhartha an Chomhlachta Teanga le linn na tréimhse 2002 go 2007. Chuir Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge agus

Príomhfheidhmeannach Bhord Albainis-Uladh an tuarascáil i láthair agus dhírigh siad aire ar an chomhoibriú atá ar siúl idir an dá Ghníomhaireacht ar roinnt tionscadal, comhghaoiniú ar na poist ‘Oifigeach Forbartha na hEalaíne um Ealaíon Teanga’ (le Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann) agus Oifigeach Cultúrtha i dteach Alt na Beatha den Chumann Cultúrtha Lúr Cinn Trá, san áireamh. Chomh maith leis sin, chuir na Gníomhaireachtaí tús le sraith fhíolótach léachtaí ar ‘Ár gComhOidhreacht’, sraith a bhí curtha ar fáil do chomhlachtaí éagsúla;

- Chuir na hAirí fáilte roimh chéad scoil shamhraidh na hUltaise riamh sa bhliain 2006 agus d’admhaigh siad gur thug Oifigeach Forbartha na n-Óg caoi don Ghníomhaireacht le dul ag obair leis an aos óg i lárcheantair na gcathracha, le maoiniú ó Fhondúireacht Óige na hÉireann. Maidir le cúrsaí oideachais, fuair 120 bunscoil an dráma scoile sa bhliain 2007, drama a bhí choimisiúnaithe faoi choimirce na Gníomhaireachta. Thairis sin, chuir an Gníomhaireacht tús le scéim fhíolótach ar chlubanna iarscoile in áiteanna éagsúla;
- Phléigh na hAirí Cláir Phobail Ghníomhaireacht Albainis-Uladh agus d’admhaigh siad an dul chun cinn ar leith a bhí déanta i gcúrsaí ceoil, rince, dráma agus obair an aosa óig. D’admhaigh siad go mbunóidh an Bord Albainis-Uladh scéim le haghaidh Deontais Forbartha agus go gcuirfidh siad tús leis i mí Eanáir 2008;
- D’admhaigh na hAirí go raibh fáilte chroíúil roimh an Albainis-Uladh, oidhreacht agus chultúr ag an Fhéile Smithsonian i Washington sa bhliain 2007 agus na gníomhartha beartaithe bainteach le comóradh cothrom 400ú bliain Phlandáil Uladh, agus gur iarr siad ar an Ghníomhaireacht togra a chur faoina bhráid ar chláir le ceangal agus malairt chultúrtha a fhorbairt idir pobal na hUltaise in Albain agus Meiriceá Thuaidh;
- Chuir na hAirí fáilte roimh an tuarascáil ar obair Fhoras na Gaeilge, i gcúrsaí Rialtas ar an idirlíon le bunachar sonraí ar líne téarmaíochta, ach go háirithe – www.focal.ie, le lainseáil (le Microsoft) leagan Gaeilge Windows XP agus le forbairt Chóras Creidiúnaithe le haghaidh aistriúcháin Gaeilge. Cuireadh síneadh le scéim rathúil thacaíochta an phobail áitiúil trí bliana go ceann 2010, scéim a chur maoiniú ar fáil do 20 grúpa ar fud na hÉireann. Leathnaigh an Foras amach an scéim le haghaidh

iarbhunleibhéil, mar gheall ar an scéim rathúil seo; agus

- D’fhaomh na hAirí an togra le feidhmeanna Bhord na Leabhar Gaeilge a aistriú go Foras na Gaeilge, ó 1 Eanáir 2008 amach. Bunaíodh Bord na Leabhar Gaeilge sa bhliain 1952 mar chomhlacht neamhrechtúil Stáit agus tá sprioc aige scríbhneoirí agus foilsitheoirí a chuidiú le hábhar Gaeilge a chur ar fáil don phobal.

Uiscebhealaí Intíre



Ar chlé – An tUasal Éamon Ó Cuív TD, Aire Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus an tUasal Edwin Poots CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta i mbun leac a leagan ag bun Cheannáras Uiscebhealaí Éireann agus é á thógáil ar Inis Ceithleann.

Ar dheis – Príomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann, an tUasal John Martin.

UISCEBHEALAÍ ÉIREANN

CÚLRA

4.5.1 Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as an bhainistíocht, chothabháil, fhorbairt agus athchóiriú ar na huisce-chórais inseolta intíre ar fud an oileáin, le haghaidh spriocanna aeraíochta ach go háirithe. Tá sé freagrach faoi láthair as na huiscebhealaí a leanas: córas inseolta na Bearú, córas na hÉirne, an Mhórchanáil, an Bhanna Íochtair inseolta, An Chanáil Ríoga, an t-uiscebhealach Sionna-Éirne, agus an tSionainn inseolta, sin chóir a bheith 1,000km d'uiscebhealaí inseolta ina iomláine. Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as athchóiriú a dhéanamh ar an chuid den Chanáil Uladh idir Cluain Eois agus Loch Éirne Uachtair agus, i ndiaidh an athchóirithe, as a bhainistíocht, a chothabháil agus a fhorbairt. Is é an tUasal John Martin Príomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann.

CRUINNÍÚ CATT

4.5.2 Tionóladh CATT i mBaile Átha Conaill, Co. an Chabháin 17 Deireadh Fómhair. Ba é an tUasal Éamon Ó Cuív TD, Aire Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ionadaí Rialtas na hÉireann. Ba iad an tUasal Edwin Poots CTR, Aire Cultúir, Ealaíon is Fóillíochta, agus an tUasal

Conor Murphy TP CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí, ionadaithe Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann.

4.5.3 Ag na cruinnithe:

- Chuir ha hAíre fáilte roimh agus d'aontaigh siad leis an fhrámaíocht le haghaidh Uiscebhealaí Éireann le dul chun cinn a dhéanamh ar athchóiriú ar an chuid den Chanáil Uladh ó Chluain Eois go Loch Éirne, ní a chuirfeadh go mór le dea-bhail eacnamaíochta phobal na háite;
- D'admhaigh na hAíre tuarascáil le haghaidh na Comhairle ó Phríomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann an tUasal Mr. John Martin, ar an dul chun cinn. Seo a leanas na buaichphointí:
 - **Cóiríocht:** Thosaigh an obair tógála ar cheannáras nua le haghaidh Uiscebhealaí Éireann in Inis Ceithleann.
 - **Athchóiriú na Canála Ríoga:** Rinneadh dul chun cinn ar leith ar athchóiriú Chanáil Ríoga agus go n-osclofar é do bháid ar an chuid ó Bhaile Átha Cliath go dtí an tSionainn i 2009.
 - **Clár Urraíochta:** Cuireadh ar fáil tacaíocht do na himeachtaí a bhaineas leis an Chlár Urraíochta/ChomhGníomhartha: mórimeachtaí idirnáisiúnta spóirt mar shampla Féile Chlasaiceach Iascaireachta ar

Loch Éirne, Corn Domhanda Uisce-Sciála in Inis Ceithleann agus an Trí-Atlan in Áth Luain (Tri Athlone), san Áireamh.

- **Feistithe agus Clárúcháin Bháid:** Cuireadh ar fáil 8,500m breise de fheistithe curtha ar na huiscebhealaí agus go raibh clárúcháin bháid faoi dhó ar an laghad – ó 5,544 bád cláraithe ag tús na bliana 2000 go 11,468 bád sa bhliain 2007.
- D'fhaomh na hAirí pleananna todhchaí le haghaidh Uiscebhealaí Éireann don tréimhse 2008-2010 mar atá siad leagtha amach sna Pleananna Corparáideacha is Gnó, faoi réir cúrsaí buiséid, pleananna atá dírithe ar na 6 sprioc a leanas a bhaint amach:
 - Mogaíra iontaofa uiscebhealaí den chéad scoth a bhainistiú is a chothabháil
 - An mogaíra uiscebhealaí a fhorbairt is a athchóiriú
 - Le cur leis an mhogaíra reatha uiscebhealaí le custaiméirí a mhealladh
 - Níos mó úsáide dár n-uiscebhealaí le haghaidh spriocanna aeraíochta a chothú
 - Sócmhainní Uiscebhealaí Éireann a mheasúnú, a bhainistiú agus a fhorbairt
 - Eagrais den chéad scoth a fhorbairt;
- D'aontaigh na hAirí leis na tograí le roinnt áitreabh a dhiúscairt agus leis an ordú ceannaigh éigeantaigh; agus
- D'admhaigh na hAirí Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2005 Uiscebhealaí Éireann.

Trádáil is Forbairt Gnó



Clé go Deas – Iarchathaoirleach Chomhlacht Forbartha Trádála agus Gnó an Dochtúir Martin Naughton, an Chathaoirleach reatha an Dochtúir Dr David Dobbin agus Príomhfheidhmeannach an tUasal Liam Nellis.

IDIRTHRÁDÁIL ÉIREANN

CÚLRA

4.6.1 Bunaíodh an Chomhlacht Forbartha Trádála is Gnó le heolas a mhalartú agus obair ar thrádáil, forbairt gnó agus chúrsaí ábharacha i gcúrsaí comshochair, aontaithe leis an dá riarachán, a chomhordanáidí. Le héifeacht ó 13 Nollaig 2007, rinneadh Cathaoirleach ar an Dochtúir David Dobbins agus Leasathaoirleach ar an Uasal John Fitzgerald ar Bhord Idir-Thrádál Éireann. Tháinig siad i gcomharbas ar an Dochtúir Martin Naughton agus ar an Uasal Barry mar Phríomhfheidhmeannach faoi seach. Is é an tUasal Liam Nellis Príomhfheidhmeannach Idir-Thrádál Éireann.. Tá liosta de na Baill reatha in Iarscríbhinn 2.

GNÍOMHARTHA

4.6.2 Tá sonraí de ghníomhartha an Chomhlachta sa bhliain 2007 le fáil sna ailt thíosluaite.

4.6.3 Tá punann tograí ag Idir-Thrádál Éireann don bhliain 2007 ar mhogalra comhoibríthe gnó, mar shampla, mogalraí ar leith earnála ar bhíteicneolaíocht is eolaíocht bheatha (BioMedIreland), bogearraí

ríomhaireachta (Mogalra Bogearraí Uile-Oileáin agus Mogalra Gnó Bogearraí Soghluaiste), plaistigh (Mogalra Polaiméire is Plaisteach) agus mogalraí gnó eile, mar shampla, an Chomhpháirtíocht Iarthuaisceart Eolaíochta is Teicneolaíochta, Mogalraí Léinn Uile-Oileáin – Mogalra Scile, Build Up Construction Network, agus Mogalra Digiteach Bainistíochta Sócmhainní, Mobile Advertising Platform Initiative agus Fóram Digiteach Cumarsáide Uile-Oileáin.

4.6.4 Chuaigh Idir-Thrádála Éireann i ngléic le hábhair mar shampla maoiniú gnáthchothromais a úsáid mar uirlis le haghaidh fhás an chomhlachta (Mogalra Gnáthchothromais), acmhainní tagarmharcála a shaothrú (Mogalra Deá-Chleachtais Uile-Oileáin) agus an Mogalra Fiontraíochta, ina chuid Mogalraí le haghaidh Scothchleachtais.

4.6.5 Cuireadh tacaíocht ar fáil do Mhogalraí Leas na bPobal, mar shampla, MicroTrade, a chuireann tacaíocht ar fáil do mhionfhiontair sa dá dhlíne, Páirtíocht Thaighde SAM/Éireann a fhorbraíonn an ceangal idir SAM agus institiúidí taighde agus taighdeoirí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, Ollscoileanna na hÉireann agus an Grúpa Comhchéime Thuaidh Theas.

4.6.6 Thairg an togra um aistriú eolaíochta is teicneolaíochta, Fusion, an togra comhoibrithe um thaighde is fhorbairt, INNOVA, agus an tairseach leithleach taighde www.expertiseireland.com a chuireann rochtain ar fáil ar shaineolas taighde Institiúidí Tríú leibhéal in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, mar chuid de na cláir eolaíochta, theicneolaíochta is fhiontair. Chuir Idir-Thrádála Éireann tús le togra Uile-Éireann de Fhramaíocht 7 Aontas na hEorpa, i bpáirtíocht le hInfheistíocht Thuaisceart Éireann agus Fionraíocht Éireann. Bunaíodh Coiste Stiúrtha agus cinneadh a chuid iarrachtaí a dhíriú ar AFC, Nanaitheicneolaíocht agus Biteicneolaíocht.

4.6.7 Thairg Idir-Thrádáil Éireann an clár ACUMEN ar fáil le trádáil thrasteorann a spreagadh le tacaíocht ar dhíolacháin is mhargaíocht do na Gnóthais Bheaga agus Mheánacha (GBM), le clár Mhogalra is Getwork le haghaidh ceannaitheoirí is soláthraithe i gcomhoibriú le Cumann Lucht Tráchtála Thuaisceart Éireann is Cumann Lucht Tráchtála Bhaile Átha Cliath, leis an tairseach le soláthar don earnáil phoiblí Go-Source www.go-source.com i bpáirtíocht le Fiontraíocht Éireann is Infheistíocht Thuaisceart Éireann, agus an clár oiliúna Go-Tender a thugann cuidiú ar fáil do GBM le saineolas a fhorbairt ar dhíol sa mhargadh le soláthar a dhéanamh san earnáil phoiblí. Cuireadh an clár seo i dtoll a chéile mar chuid dá gcláir mhargaíochta is dhíolachán 2007.

4.6.8 Lean Idir-Thrádáil Éireann ar aghaidh lena gcláir Thaighde Eacnamaíochta is Gnó agus i measc tograí taighde dá chuid féin, sin iad a raibh urraithe aige sa bhliain 2007 tá Staidéar Léarscáilíochta na nIonad Taighde is Forbairt in Éirinn (i bpáirtíocht le Roinn Fiontraíocht Trádáil is Infheistíocht, an Roinn Fiontar, Trádála is Fostaíochta, an Roinn Fostaíochta is Léinn, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Infheistíocht Thuaisceart Éireann agus Fiontraíocht Éireann), an Staidéar ar Loinseoireacht Dhíreach go Meiriceá Thuaidh, Samhail Iomaíoch Ghnó Uile-Éireann agus Monatóir Gnó BT/ Idir-Thrádáil Éireann.

4.6.9 Seoladh An Síolchomórtas 2007 Idir-Thrádáil/ Mogalra Gnáthchothromais go foirmiúil i mí Aibreáin 2007 agus bronnadh duaiseanna i mí na Samhna 2007 i bPáirc an Chrócaigh i mBaile Átha Cliath. Bhuaigh Movidia, comhlacht atá bunaithe i mBaile Átha Cliath, an duais fhoriomlán de €100,000 sa earnáil idirnáisiúnta. Bhuaigh Openplain, comhlacht eile atá bunaithe i mBaile Átha Cliath, €50,000 in earnáil na chomhlachta atá ag teacht chun cinn.

4.6.10 Bhí ‘an Fóram Mogalraí Gnó – Comhoibriú le haghaidh Ratha Tráchtála’ ar siúl i Farmleigh, Baile Átha Cliath i mí Eanáir 2007, eagraithe ag Idir-Thrádáil Éireann i bpáirtíocht le hInfheistíocht Thuaisceart Éireann, Fiontraíocht Éireann, Údarás Forbartha Tionscail agus Forfás. D’fhreastail breis is 160 toscaire, ó bhaill reatha mhogalraí, fheidhmeanna comhlachtaí, Chumainn Thionscal agus éascaitheoirí mogalra, lucht déanta beartas, lucht acadúil agus ghníomhaireachtaí forbartha. Is é ceann de na torthaí an comhaontú ar an ghá do chur chuige comhoibrithe um mhaoiniú mogalra, sa chomhthéacs Thuaidh Theas ach go háirithe.

4.6.11 Chuir Idir-Thrádáil Éireann measúnú foirmiúil i gcrích ar thrí cinn de na tionscadail shuaitheanta dá chuid, Innova, Fusion agus Acumen, agus i ndiaidh breithmheas eacnamaíochta orthu mhol sé gur chóir leanúint ar aghaidh leis an chur i bhfeidhm.

4.6.12 Chruthaigh cláir Idir-Thrádáil Éireann breis is £50m/€67m de luach i gcúrsaí trádála is forbartha inchurtha leis an sprioc de £25M, agus tá siad i mbun tacaíochta is saothraithe de 28 mogalra gnó uile-oileáin inchurtha le sprioc de 25.

Turasóireacht



Clé go deas – Iarchathaoirleach Thurasóireacht Éireann Tta an tUasal Andrew Coppel, Cathaoirleach reatha an tUasal Hugh Friel agus an Príomhfheidhmeannach an tUasal Paul O'Toole.

TURASÓIREACHT ÉIREANN TTA

CÚLRA

- 4.7.1 Tá Turasóireacht Éireann Tta freagrach as margaíocht thar lear d'Éirinn mar áit thurasóireachta. Tá Bord de 12 ball ag Turasóireacht Éireann ceaptha ag CATT. Le héifeacht ó 18 Nollaig 2007 ceapadh an tUasal Hugh Friel agus an Bhean Uasal Ciara Boyle mar Chathaoirleach is Leaschathaoirleach an Bhoird, faoi seach. Tháinig siad i gcomharbas ar an Uasal Andrew Coppel agus an Bhean Uasal Ann Riordan, faoi seach. Tá liosta de bhaill reatha an bhoird ar fáil in Iarscríbhinn 2. Is an tUasal Paul O'Toole Príomhfheidhmeannach Thurasóireacht Éireann.

CRUINNÍÚ CATT

- 4.7.2 Tionóladh CATT i mBaile Átha Cliath 8 Samhain. Ba é an tUasal Séamus Brennan TD, Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ionadaí Rialtas na hÉireann. Ba iad an tUasal Nigel Dodds OBE TP CTR, Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta agus an Bhean Uasal Michelle Gildernew TP CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, ionadaithe Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann.

4.7.3 Ag an chruinniú::

- Fuair agus phléigh na hAirí an tuarascáil ar an dul chun cinn a bhí déanta ar ghníomhartha Thurasóireacht Éireann ó 2002 go 2007. Chuir an Bhean Uasal Anne Riordan, Leaschathaoirleach Thurasóireacht Éireann, an tuarascáil i láthair. Chuir na hAirí fáilte roimh an tuarascáil ina raibh cur síos ar an bhorradh láidir ar líon na gcuairteoirí agus ar an teacht isteach. Rinneadh réamhaisnéis go mbeadh borradh 2.17m agus €1.3/£0.87 b, faoi seach, borradh 391,000 ar líon na gcuairteoirí go Tuaisceart Éireann le linn an ama seo san áireamh;
- D'admhaigh na hAirí Pleananna todhchaí Thurasóireacht Éireann le haghaidh na tréimhse 2008-2010. San áireamh tá:-
 - Borradh ar thurasóireacht go hÉirinn; agus
 - Tacaíocht do Thuaisceart Éireann leis an chumas turasóireachta a bhaint amach.
- D'fhaomh na hAirí Plean Corparáideach Thurasóireacht Éireann 2008-2010 agus an Plean Gnó 2008 faoi réir chomhaontú na Ranna Airgeadais agus chúrsaí buiséid Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann; agus
- D'admhaigh na hAirí Tuarascáil Bhliantúil an Chomhlachta agus Cuntais 2006.

Oideachas



An Bhean Uasal Mary Hanafin TD, Aire Oideachais agus Eolaíochta agus an Bhean Uasal Cairtróna Ruane CTR, Aire Oideachais.

4.8.1 Tionóladh CATT i mBaile Átha Cliath 28 Samhain. Ba í an Bhean Uasal Mary Hanafin, Aire Oideachais is Eolaíochta, ionadaí Rialtas na hÉireann. Ba iad an Bhean Uasal Cairtróna Ruane CTR, Aire Oideachais agus an tUasal Edwin Poots CTR, Aire Cultúir, Ealaíon is Fóillíochta, ionadaithe Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann.

4.8.2 Ag an chruinniú:

- Chuir na hAíré fáilte roimh an dul chun cinn a bhí déanta le dul i ngléic le drochthorthaí oideachais, tograí rathúla ar litearthacht agus uimhearthacht sna scoileanna a chothú san áireamh, agus d'iarr siad ar na hoifigigh tograí le dul i ngléic leis na drochthorthaí oideachais agus iad a chur faoina mbráid ag an chéad chruinniú eile CATT a bheas a chruinniú i bhformaid earnála oideachais;
- Chuir na hAíré fáilte roimh an chomhoibriú leanúnach idir an Roinn Oideachas is Eolaíochta agus an Roinn Oideachais ar mhalartú trasteorann na hóige scoile agus múinteoirí. D'admhaigh na hAíré an t-athbhreithniú foirmiúil ar chomhoibriú ar mhalairt oideachais agus ar mheicníochtaí tacaíochta, Cuibhreannas Malairte Thuaidh Theas san áireamh. Cuirfear tús le Cuibhreannas Malairte

Thuaidh Theas le réimse roghanna a aimsiú le cur leis an dul chun cinn i gcomhthéacs maoinithe atá ar fáil anois agus sa todhchaí;

- D'admhaigh na hAíré na forbairtí sa dá dhlínse maidir leis an té atá ag obair le páistí nó daoine fásta leochaileacha a scagadh. D'admhaigh na hAíré gur dócha go n-éireoidh an t-ábhar cosanta leanáí níos tábhachtaí do CATT agus do Chomhairle na Breataine-na hÉireann (CBE), rud a d'éirigh as díospóireacht an Tionóil Deireadh Fómhair 2007. Scagfaidh na Ranna Oideachais na hábhair atá bainteach leis i gcomhthéacs freagrachtaí Rannacha iomchuí;
- Chuir na hAíré fáilte roimh thuarascáil Phríomhfheidhmeannach is Chathaoirleach Ionad Uathachais den chéad Scoth ag Coillidh Chanannáin agus an dul chun cinn ar leith déanta air sin go dtí seo. Thacaigh na hAíré na pleananna todhchaí don Ionad, soláthar oiliúna/comhairliúcháin agus seirbhísí eolais/taighde a bheas le cur i bhfeidhm nuair a chuirfidh críoch leis an fhoirgneamh, san áireamh;
- Phléigh na hAíré comhthionscadail eile bainteach le riachtanais speisialta oideachais, 'Clár Páirtíochta

CAIBIDIL 4: Cruinnithe Earnála CATT

le haghaidh Scoileanna san Críocha Trasteorann agus Thuismitheoirí' san áireamh, rud a fuair tacaíocht ó Chlár Síochánta is Athmhuintearais Aontas na hEorpa agus comhghaoiniú ón dá Roinn Oideachais;

- D'admhaigh na hAirí an dul chun cinn déanta go dtí seo ag Meitheal Cháilíochtaí na Múinteoirí. D'admhaigh siad go gcomhoibreoidh na Comhairlí Múinteoireachta feasta ar na hábhair mar is cuí. D'aithin na hAirí na hathruithe ar leith ar iarriachtanais oilteachta Gaeilge maidir le poist mhúinteoireachta agus gur cuireadh i bhfeidhm clár forbartha gairmiúla le dul i ngléic le riachtanais na mbunmhúinteoirí a dhéanfaidh an Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG); agus
- Phléigh na hAirí na hábhair maidir le hAoisliúntas na Múinteoirí agus cheadaigh siad oifigigh Roinn Oideachais agus Roinn Oideachais is Eolaíochta a bheith páirteach i meitheal ar aistriú cearta pinsín ar bhonn trasteorann agus go dtuairisceofar ar na ábhair cuí san Earnáil Oideachais ag an chéad chruinniú eile CATT a bhuailfidh le chéile i bhformaid Earnála Oideachais.

Talmhaíocht



Clé go Deas – an Bhean Uasal Arlene Foster CTR, Aire Comhshaoil, an tUasal Éamon Ó Cuív TD, Aire Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, An Bhean Uasal Mary Coughlan TD, Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, agus an Bhean Uasal Michelle Gildernew TP CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe,

4.9.1 Tionóladh CATT i nDún na nGall 9 Samhain. Ba iad an Bhean Uasal Mary Coughlan TD, Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia and an tUasal Éamon Ó Cuív TD, Aire Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ionadaithe Rialtas na hÉireann. Ba iad an Bhean Uasal Michelle Gildernew TP CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus an Bhean Uasal Arlene Foster CTR, Aire Comhshaoil ionadaithe Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann.

4.9.2 Ag an chruinniú:

- Chuir na hAíró fáilte roimh an dul chun cinn déanta ón bhliain 2002 i leith ar réimse ábhar, obair chomhshochair chomhoibrithe maidir le briseadh amach na nGalar Crúibe is Béil agus na Teanga Goirme agus iarbhriseadh amach an Fhlíú Éanúil sa Bhreatain san áireamh. Baineadh leas as cur chuige i gcoitianta mar gheall ar an chomhoibriú seo leis na galair seo a choinneáil amach as Éirinn agus an leibhéal trádála a chothabháil;
- D'admhaigh na hAíró an páipéar Straitéiseach um Shláinte is Leas na n-Ainmhithe cruthaithe ag Grúpa Stiúrtha um Shláinte is Leas na n-Ainmhithe. Dheimhnigh siad arís gurb é ollsprioc na n-Aíró

le haghaidh Straitéis um Shláinte is Leas na n-Ainmhithe saorghluaiseacht na n-ainmhithe ar fud na hÉireann agus gurb é an bealach chun tosaigh comhoibriú agus forbairt na ndúnghaoisí comhlántacha. D'admhaigh na hAíró go bhfuil liosta de na gníomhartha tosaigh le haghaidh cur i bhfeidhm na rudaí tábhachtacha le spriocanna éagsúla agus sprioc-dhátá san áireamh don tréimhse feasta agus d'iarr siad ar na hoifigigh an dul chun cinn a mhaoirsiú agus le bearta breise ar chur i bhfeidhm na Straitéise a chur faoi bhráid an chéad chruinniú earnála CATT;

- D'aontaigh na hAíró le comhoibriú Thuaidh Theas ar shláinte lusanna, comhoibriú a bheas dírithe ar stádas na lotnaidí is na ngalar a bhagraíonn ar shláinte na lusanna in Éirinn agus ar ábhair Aontas na hEorpa agus go ndíreoidh obair Ghrúpa Stiúrtha Thuaidh Theas le haghaidh lotnaidicíde aire ar chomhshuirbhéanna le haghaidh úsáid lotnaidicíde ar thalamh féaraigh agus barra farae, agus barra curaíochta;
- D'admhaigh na hAíró go bhforbraíonn an Roinn Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe straitéis shláinte

CAIBIDIL 4: Cruinnithe Earnála CATT

na lusanna le haghaidh Thuaisceart Éireann, straitéis ina mbeidh rannóg ar chomhoibriú Thuaidh Theas a chloíonn le straitéisí Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia;

- D'aontaigh na hAirí gur chóir de na hoifigigh coinneáil i ndlúth-theagmháil le chéile ar réimse d'eochairábhair an Chomhbheartais Thalmhaíochta (CBT), an t-eagrais aonair Chomhmhargaidh a bhí curtha i bhfeidhm ag AE, an leasú ar earnáil thorthaí is ghlasraí agus 'Scrúdú Sláinte' CBT a bheas le teacht, san áireamh. D'admhaigh na hAirí go scrúdóidh agus go n-athbhreithneoidh ag cruinnithe feasta CATT dúshláin i gcoitianta agus deiseanna a éireoidh as gné talmhaíochta AE;
- D'admhaigh na hAirí obair Choiste Stiúrtha Thuaidh Theas le haghaidh Fhorbairt Tuaithe Thrasteorann. D'aontaigh siad go ndéanóidh obair an Choiste amach anseo ar lán-chomhoibriú ar chur i bhfeidhm cláir fhorbartha tuaithe agus dhúnghaoise a fhorbairt agus ar scrúdú a dhéanamh ar chur chuige i gcoiteanta an mbeidh straitéisí trasteorann ar thaighde fhorbartha tuaithe indéanta; agus
- Chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn a bhí bainte amach leis an mhaoiniú curtha ar fáil faoi na Cláir Shíochánta AE, go háirithe le haire a thabhairt ar cheantair Thuaithe a bhfuil míbhuntáistí ar leith acu toisc na coimhlinte. D'iarr siad ar na hoifigigh tuarascáil agus moltaí a thabhairt faoina mbráid ag an chéad chruinniú eile CATT i bhformaidh earnála talmhaíochta, i ngeall ar Chlár 2007-2013 Forbartha Tuaithe agus tionscadail chomhoibríthe.

Comhshaoil



Ar chlé – an Bhean Uasal Arlene Foster CTR, Aire Comhshaoil.

Ar dheis – an tUasal John Gormley TD, Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

4.10.1 Bhí cruinniú CATT i gCill Chéile Dé, Co. Fhear Manach, 26 Deireadh Fómhair. Ba iad an Bhean Uasal Arlene Foster CTR, Aire Comhshaoil, agus an Bhean Uasal Margaret Ritchie CTR, Aire Forbartha Sóisialta, ionadaithe Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Ba é an tUasal John Gormley TD, Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, ionadaí Rialtas na hÉireann.

4.10.2 Ag an chruinniú:

- D'admhaigh agus chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn a bhí déanta ón chruinniú deireanach sa bhliain 2002, na rudaí a leanas san áireamh:
 - i. comhoibriú ar fhorfheidhmiú Chreat-Threoir Uisce AE le bainistíocht uisce a chomhordanáidiú ar bhonn trasteorann;
 - ii. athchúrsáil de bhreis is 175,000 seanreuiteoirí agus seanchuisneoirí faoi chonradh Thuaisceart Éireann/Poblacht na hÉireann; agus
 - iii. an feachtas feasacht rathúil trasteorann a bhí curtha ar bun.
- D'aontaigh na hAirí gur chóir leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm Chreat-Threoir Uisce AE ar bhonn

pleananna aonair bainistíochta le haghaidh gach AI - .i. AI Iarthuaisceart, AI Loch n-Eathach agus AI na Sionainne, sna trí Abhantrach Idirnáisiúnta thrasteorann (AI) taobh istigh de scóip na Treorach. Iarradh ar na hoifigigh cur síos a dhéanamh ar an dul chun cinn ag an chéad chruinniú eile;

- Chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn a bhí déanta ag Grúpa Stiúrtha Margaíochta Thuaidh Theas agus iad ag obair ar chur chuige comshochair ar fhorbairt mhargaidh le haghaidh dramhaíola is athchúrsála agus le deiseanna le cruthú chun sochair a bhaint as barainneacht mhórsála;
- D'aontaigh na hAirí gur choir don Ghrúpa Stiúrtha brú a chur ar ghníomhaireachtaí forbartha margaidh fhorfheidhmiúcháin le tograí a fhorbairt ar chomh-ghníomhchlár le haghaidh forbartha margaidh, faoi threoir straitéisí is chlár na ndlínsí, faoi seach;
- D'aontaigh na hAirí gur chóir don Ghrúpa Stiúrtha ionadaí ón earnáil ghnó a cheapadh mar chathaoirleach agus baill ón earnáil chéanna agus óna hEagraíochtaí Neamhrialtasacha a roghnú;

CAIBIDIL 4: Cruinnithe Earnála CATT

- D'aithin na hAirí an comhoibriú leanúnach an mbeidh Muilleán Páipéir indéanta, muilleán a athphróiseálfadh dramhaíl pháipéir ó gach carn na tíre, ag braith ar thacaíocht ón earnáil phríobháideach agus ar mhaoiniú. Iarrtar orthu tuarascáil ar dhul chun cinn a chur ar fáil don chéad chruinniú eile;
- Chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn ar leith a bhí déanta le dul i ngléic le gluaiseachtaí mídhleathacha trasteorann dramhaíola agus le comhghníomhartha forfheidhmithe ach go háirithe, gníomhartha a bhí deartha le iad a chosc;
- Dheimhnigh na hAirí endorsed an 'Plean' ("Road Map"), forbartha de réir na ceiste ón Coimisiún Eorpach. Leagtar amach sa 'Phlean', freagrachtaí an dá dhlínse i gcomhthéacs na reachtaíochta iomchuí. Déantar breac-chuntas ar chur chuige, céim ar chéim, leis an dramhaíl a bhí dumpáilte go mídhleathach cheana féin a bhaint agus a fháil réidh leis chomh maith leis an tsraith chomhghníomhartha a chur i bhfeidhm, sraith atá deartha le cosc a chur ar gluaiseachtaí mídhleathacha;
- D'fhaomh na hAirí coimisiúnú a dhéanamh ar athbhreithniú ar dhá shuíomh taighde comhshaoil idirlín – (aNSwer) suíomh idirlín Thuaidh Theas ar thaighde chomhshaoil, bunachar comhshaoil (BC) san áireamh – a bhí forbartha faoi choimirce CATT agus iad a sheoladh sa bhliain 2002. Chuir sé fáilte roimh spriocanna Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an tSeirbhís um Chomhshaoil is Oidhreacht le bualadh le chéile le deiseanna acmhainneachta a phlé leis an chomhthaighde chomhshaoil a chomhordanáidiú; agus
- D'admhaigh na hAirí toradh rathúil an fheachtais fheasachta le haghaidh dramhaíl thrasteorann agus d'iarr siad ar na hoifigigh scóip d'obair breise a scagadh, eolas a mhalartú, feachtais fheasachta thimpeallachta agus deiseanna maoinithe, san áireamh.

Sláinte



Clé go Deas – an Bhean Uasal Michelle Gildernew TP CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, an Bhean Uasal Mary Harney TD, Aire Sláinte is Leanaí agus an tUasal Michael McGimpsey CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí ag an chruinniú Sláinte

4.11.1 Tionóladh CATT i mBaile Átha Cliath 28 Samhain. Ba í an Bhean Uasal Mary Harney TD, Aire Sláinte is Leanaí, ionadaí Rialtas na hÉireann. Ba iad an tUasal Michael McGimpsey CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí, agus an Bhean Uasal Michelle Gildernew TP CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe.

4.11.2 Ag an cruinniú maidir le Sláinte:

- Fuair agus phléigh na hAíre an tuarascáil chuimsitheach ar dhul chun cinn ar chomhoibriú sláinte ó 2002 i leith, tuarascáil ina raibh cur síos ar réimse ábhar mar shampla, cúrsaí pleanála le haghaidh móréigeandálaí .i. flíú paindéimeach, teicneolaíocht, taighde ailse, agus sláinte a chothú;
- D'admhaigh na hAíre go bhfuil comhstaidéar indéantachta faoi lántseol le fáil amach an fiú cur chuige straitéiseach a chruthú ar chomhoibriú maidir le sláinte is folláine shóisialta;
- Fuair na hAíre tuarascáil ar chomhoibriú leanúnach ar sheirbhísí taise is éigeandála. D'admhaigh agus chuir na hAíre fáilte roimh an obair coimisiúnaithe ag an ghrúpa páirtíochta Comhoibriú agus ag Obair le Chéile (COC), grúpa a bunaíodh ag na Boird Shláinte iomchuí leis na hábhair maidir le seirbhís dochtúireachta trasteorann iar-ama a chur i bhfeidhm;
- Chuir na hAíre fáilte roimh an obair leanúnach maidir le comhoibriú ar sheirbhísí péidiatraiceacha is fadhbanna croí ó bhroinn idir Ospidéal Ríoga Vítoria Bhéal Feirste agus Ospidéal Mhuire do Leanaí Bhaile Átha Cliath;
- D'iarr na hAíre ar na hoifigigh tuarascáil a dhéanamh, ag an chéad chruinniú CATT eile i bhformaid Eanála Sláinte, ar fhorbairt bhreise ar sheirbhísí thrasteorann iar-ama agus ar an obair leanúnach ar sheirbhísí péidiatraiceacha is fadhbanna croí ó bhroinn;
- Chuir na hAíre fáilte roimh an chomhoibriú ar oiliúint is phleanáil le haghaidh móréigeandálaí agus roimh an dlúthchomhoibriú idir an dá Roinn agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar phleanáil éigeandála um ghalair thógálacha agus d'admhaigh siad an cleachtadh trasteorann ar phleanáil maidir le flíú paindéimeach nasctha le cleachtadh mar an gcéanna eagraithe ag an AE;
- Chuir na hAíre fáilte roimh an sárchomhoibriú idir seirbhísí tine is tarthála le dul i ngléis le freagairtí éigeandálaí agus taise bhóthair sna críocha trasteorann agus d'aontaigh siad fosta gur chóir Scéimeanna an Chéad Fhreagróra a bhainistiú ag na Seirbhísí Otharcharranna;

CAIBIDIL 4: Cruinnithe Earnála CATT

- Scag na hAirí tuarascáil ar fhearas ardteicneolaíochta dírithe ar fheabhas ar rochtain ar sholáthar seirbhísí radaiteiripe. Maidir leis seo, chuir na hAirí fáilte roimh an chomhaontú idir Ospidéal na Cathrach Bhéal Feirste, Ospidéal Alt na nGealbhán agus FSS le cóir leighis radaiteiripe a sholáthar d'othair ailse ó Dhún na nGall ag Ospidéal na Cathrach Bhéal Feirste. D'aontaigh na hAirí gur chóir acmhainní breise Radaiteiripe a fhorbairt chomh maith leis an chomhstaidéar indéantachta;
- D'éist na hAirí le cur i láthair ó na Phríomh-Oifigigh Mhíochaine, an Dchtúir Jim Kiely, Roinn Sláinte is Leanai, agus an Dchtúir Michael McBride, Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí, ar obair Éireann-Thuaisceart Éitreann-Institiúid Náisiúnta ar Ailse de fheadhnacht SAM. Seo a leanas na gníomhaireachtaí a dhéantar faoi choimirce an Chuibhreannais; comhphrótaicail, sainmhínte agus bunachair le haghaidh cláranna ailse a fhorbairt, Clár Ánrachta a reáchtáil le hAilse a Chosc; le telesynergy a úsáid le galaraithe dhéanamh ar riochtaí annamha agus le comhoibríthe taighde; agus Grúpa Comhoibríthe uile-oileáin um Thrialacha Cliniciúla Ailse;
- Chuir na hAirí fáilte roimh an chomhoibríú ar réimse leathan ar chothú sláinte ar eochairábhair mar shampla, le dul i ngleic le murtall, taighde, le hospidéil a chothaíonn sláinte, oiliúint, caitheamh, cothú na sláinte san áit oibre, sláinte na bhfear, sláinte intinne agus beathú cíche. D'admhaigh na hAirí obair Institiúid Sláinte Phoiblí ach go háirithe maidir le dul i ngleic le héagothroimí sláinte; agus
- D'admhaigh is chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn ar chomhoibríú ar shláinte intinne agus ar phlean uile-oileáin, le haghaidh féinbhás a chosc, a fhorbairt. D'aontaigh siad leis an phlean agus go mbeadh ról ar leith ag an Idirlíon maidir le féinbhás. D'aontaigh siad a bheith ag obair le chéile le hathrú dearfach a bhaint amach san ábhar seo.

Iompar



Clé go Deas – an tUasal Conor Murphy TP CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí, an Bhean Uasal Arlene Foster CTR, Aire Chomhshaoil agus an tUasal Noel Dempsey TD, Aire Iompair ag an chruinniú iompair, i mí Meán Fómhair.

4.12.1 Tionóladh cruinnithe CATT i gCill Chéile Dé 28 Meán Fómhair agus i mBaile Átha Troim, Co. na Mí, 12 Nollaig. Ba iad an tUasal Conor Murphy TP CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí, agus an Bhean Uasal Arlene Foster CTR, Aire Comhshaoil, ionadaithe Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ar gach ócáid. Ba é an tUasal Noel Dempsey TD, Aire Iompair, ionadaí Rialtas na hÉireann ar gach ócáid.

4.12.2 Ag na cruinnithe:

- Chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn ó 2002 i leith ar réimse ábhar agus an deis le bualadh le chéile le deiseanna comhoibríthe trasteorann a phlé maidir le Pleanáil Iompair Straitéiseach is Sábháilteacht Bhóthair;
- D'admhaigh na hAirí maoiniú Rialtas na hÉireann de £400m/€580m le chur leis an mhaoiniú leis an A5 (Bealach Iarthuaisceart go Achadh na Cloiche) agus leis an A8 (Béal Feirste go Latharna) a fheabhsú:
 - i. D'aontaigh siad le simplíocht a dhéanamh ar an phróiseas íocaíochta, beidh an deonachán mar chuid den tionscadal A5, agus aithníodh go mbeidh

Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus a gcuid gníomhartha freagracht as an tionscadal A8;

- ii. chuir na hAirí fáilte roimh chruthú struchtúir bainistíochta ina bhfuil an Grúpa Stiúrtha Trasteorann, an Grúpa Teicniúil, agus Foireann ar leith Tionscadail Seirbhísí Bóithre páirteach, leis an tionscadal A5 a bhainistiú; agus

- iii. chuir na hAirí fáilte roimh cheapachán luath na gcomhairleoirí le tús a chur leis an staidéar ar bhealach cuí A5.

- D'admhaigh agus chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn leanúnach ar thograí leis na droichid Eanach Rua agus Knocknaginny ar theorann Thír Eoghain/Mhuineacháin a athoscailt, ceapachán na gcomhairleoirí ag Co. Chomhairle Mhuineacháin san áireamh;
- D'admhaigh na hAirí an dul chun cinn leanúnach chun dáta ar thogra Rialtas na hÉireann le droichead a thógáil ag an Chaol le ceangal a dhéanamh idir Co. an Dúin agus Co. an Lú agus chinn siad ar an ábhar seo a athbhreithniú go rialta le húsáid thorthaí na hoibre teicniúla, obair atá maoinithe ag Rialtas na hÉireann;

CAIBIDIL 4: Cruinnithe Earnála CATT

- D'admhaigh na hAíré na díospóireachtaí agus d'éist siad leis an chur i láthair ó ionadaithe Iarnród Éireann agus Iarnród Thuaisceart Éireann agus d'admhaigh siad na roghanna le forbairt ar an nasc traenach trasteorann a dhéanamh amach anseo, go háirithe maidir le:
 - i. minicíocht na seirbhíse a fheabhsú;
 - ii. rothstoc a fheabhsú; agus
 - iii. deireadh a chur le baic ar luas

agus d'iarr siad ar a gcuid oifigeach tuarascáil a ullmhú le cur faoi bhráid an chéad chruinnithe earnála iompair eile CATT;

- D'admhaigh na hAíré an comhoibriú leanúnach idir na Ranna agus an dá chomhlacht traenach, maidir le sábháilteacht thraenach agus comhinoibritheacht agus d'iarr siad ar na hoifigigh leanúint ar aghaidh leis an dlúthoibriú le bheith cinnte go bhfuil siad in oiriúint le Treoracha Iomchuí AE ar na hábhair seo;
- D'admhaigh agus scrúdaigh na hAíré an comhstaidéar ar iompar tuaithe an Phobail Trasteorann, staidéar a phléigh na Ranna araon. D'aithin siad na sochair ar leith agus na constaicí acmhainne, rialacháin agus eagraíochta ar sholáthar na seirbhísí seo faoi láthair agus d'aontaigh gur chóir triail phíolótach thrasteorann a chur ar siúl anois; agus
- Phléigh na hAíré an comhoibriú ar shábháilteacht bhóthair thrasteorann, comhairliúchán ar straitéisí sábháilteachta bóthair san áireamh. D'admhaigh na hAíré an staidéar atá ar siúl ar chomhoibriú idir an Ríocht Aontaithe agus Éirinn maidir le comhaithint phointí pionóis. D'éist na hAíré le cur i láthair ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an Straitéis nua um Shábháilteacht ar Bhóithre na hÉireann don tréimhse 2007-2012 agus d'admhaigh siad go bhfuil athbhreithniú lár-tearma ar Straitéis Thuaisceart Éireann um Shábháilteacht ar Bhóithre 2002-2012 ar siúl le fógairt ar an bhealach ar aghaidh a bhfuil siad ag súil leis sa bhliain 2008. Chuir an Chomhairle fáilte fosta roimh an chomhoibriú leanúnach idir na húdaráis ar réimse ábhar. D'aontaigh siad:
 - i. gur chóir leanúint ar aghaidh leis na hiarrachtaí a bhíos ar siúl le sábháilteacht ar bhóithre a chothú le feachtais chomhfhógraíochta is chomhphoiblíochta agus gur chóir an fhianaise atá ar fáil ar cé chomh

héifeachtach is atá an cur chuige reatha a athbhreithniú;

- ii. gur chóir leanúint ar aghaidh leis an obair bunaithe ar an tionscadal Stiúrtha go Sábháilteacht le modhanna praiticiúla a fháil amach le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, pointí pionóis sna críocha Teorainn san áireamh;
- iii. gur chóir torthaí iomchuí na taighde ar shábháilteacht ar bhóithre a roinnt; agus
- iv. gur chóir úsáid a bhaint as deiseanna le socruithe le haghaidh eolais ar shábháilteacht ar bhóithre a chomhordú agus a thuairisciú agus bealaí éagsúla a scagadh le iad a fheabhsú is a chomhchuibhíú.
- v. gur chóir leanúint ar aghaidh le comhaithint ar dhícháilíochtaí tiomána.

IARRSCRÍBHINN 1

COMHRÚNAÍOCHT NA COMHAIRLE THUAIDH THEAS

Aquaculture and Marine Matters

The background features a series of overlapping, semi-transparent blue circles of varying sizes. Overlaid on these circles are several light blue arrows of different sizes and orientations, pointing in various directions, creating a sense of movement and flow.

IARRSCRÍBHINN 1: Comhrúnaíocht na Comhairle Thuaidh Theas

Tacaíonn an Comhrúnaíocht sheasta, ina bhfuil foireann ó Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus ó Státseirbhís na hÉireann, an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT). Is í Oifig an Chéad-Aire agus Leaschéad-Aire (OCALCA) máthair-Roinn Státseirbhísí Thuaisceart Éireann agus is í Roinn Ghnóthaí Eachtracha (RGE) máthair-Roinn Státseirbhísí na hÉireann.

Is í an Bhean Uasal Mary Bunting an comhrúnaí Tuaisceartach agus is é an tUasal Tom Hanney comhrúnaí Deisceartach. Is iad an tUasal Pat Donaghy (Thuaidh) agus an tUasal Niall Holohan (Theast) na leaschomhrúnaithe.

FEIDHMEANNA

Seo a leanas feidhmeanna na Comhrúnaíochta:

- Amchlár chruinnithe na Comhairle i bhformáidí éagsúla a shocrú;
- Comhaontú polaitíochta/Aireachta ar chlár ama na gcruinnithe a bhaint amach roimh ré;
- Páipéir le haghaidh chruinnithe na Comhairle a ullmhú is a choimisiúnú, clár oibre san áireamh;
- Comhráitis a dhréachtú agus cinntí na Comhairle a thaifeadadh;
- Cinntí na Comhairle a chur in iúl agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm;
- Tuarascáil bhliantúil ar imeachtaí na Comhairle a dhréachtú;
- Modh cumarsáide a chruthú is a fhorbairt leis na Comhlachtaí um fhorfheidhmiú;
- Le dul i dteagmháil, mar is cuí, le Roinn nó Oifig ar leith sa dá dhlínse le Rúnaíocht Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann, le Rúnaíocht Chomhairle na Breataine-na hÉireann, agus le comhfhóram parlaiminte Thuaidh Theas agus ar fhóram neamhspleách comhairliúcháin, nuair a bhunófar í;
- Le taisc eile dá chuid na Comhairle, a chur i gcrích, mar is gá.

MAOINIÚ

Cuireann an OCALCA agus RGE na costais fhoirne ar fáil. Roinneann an dá rialtas na costais eile a bhaineas leis an Chomhrúnaíocht agus CATT. Ba é costas reatha na Comhrúnaíochta sa bhliain 2007 £1,626,707/€2,384,763.

IARSCRÍBHINN 2

COMHALTAÍ BOIRD NA GCOMHLACHTAÍ THUAIDH THEAS

Aquaculture and Marine Matters

The background of the page is a light blue gradient with several large, overlapping circular shapes. A series of white arrows, some pointing up and some pointing down, are arranged in a zig-zag pattern across the center of the page. The text is centered and rendered in a clean, sans-serif font.

IARSCRÍBHINN 2: Comhaltaí Boird na gComhlachtaí Thuaidh Theas

BORD COMHAIRLIÚCHÁIN COTHAITHE SÁBHÁILTEACHT BHIA

John Dardis
(Cathaoirleach)
Campbell Tweedie
(Leaschathaoirleach)
Ken Baird
Lynn Ní Bhaoighealláin
Joe Byrne
Brian Cunningham
Aoife Healy
Susan Heraghty
Neven Maguire
Séamus Sheridan
Con Traas
Jane Wells

COMHLACHT TEANGA THUaidh THEAS - FORAS NA GAeilGE

Liam Ó Maoilmhichíl
(Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge/
Comhchathaoirleach den Fhoras Teanga)
Eoghan Mac Cormaic
(Leaschathaoirleach)
Áine Andrews
Lucilíta Breathnach
Séanna Breathnach
Adelaide Nic Chárthaigh
Máire Gallagher
Máiréad Nic Giolla Mhichíl
Liam Kennedy
Norman Henry
Éamonn Kinch
Marcas Mac Ruairí
Dónal Ó Bearra
Pádraic Ó Biadha
Diarmuid Ó Murchú
Caoilfhionn Nic Pháidín

BORD ALBAINISE-ULADH

Mark Thompson
(Cathaoirleach Bhord Albainise-Uladh/
Comhchathaoirleach Chomhlacht Teanga Thuaidh Theas)
Ian Adamson
Dr Aileen Douglas
Angela Graham
William Humphrey
William Leathem
Jacqui Reed
William Roulston

COIMISIÚN AN FHEABHAIL, CHAIRLINN AGUS SHOILSE NA HÉIREANN

Tarlach Ó Crosáin
(Cathaoirleach)
Jacqui McConville
(Leaschathaoirleach)
Enda Bonner
Brendan Byrne
John Byrne
Denis Haughey
Alan McCulla
Joe Miller
John Mulcahy
Winston Patterson
Thomas Sloan
Jim Wilson

AN COMHLACHT UM THRÁDÁIL IS FHORBAIRT GHNÓ

David Dobbin
(Cathaoirleach)

John Fitzgerald
(Leaschathaoirleach)

Brendan Butler

Ray Doherty

Rosaleen Doherty

Seán Gallagher

Jack Gilmour

Hugh Logue

Pádraig Mac Lochlainn

Patricia McKeown

Dr Gerard O'Hare

Tom Scott

TURASÓIREACHT ÉIREANN TTA

Hugh Friel
(Cathaoirleach)

Ciara Boyle
(Leaschathaoirleach)

Brian Ambrose

David Lyle

Robert Manson

Mandy Martin

Bill McGinnis

Tom McGrath

Moira McNamara

John Power

Shaun Quinn

Ann Riordan



